Infheidhme maidir le	Sky Group
Dáta éifeachtach	15 Lúnasa 2024
An chéad athbhreithniú eile	1 Meán Fómhair 2026
Aicmiú Beartais	**Poiblí**
Úinéir an Bheartais	Oifig Riosca an Ghrúpa

Sky Listens
Beartas Labhair Amach
(Sky Group)

Cuirtear síos sa bheartas seo ar an tslí is féidir údair imní maidir le mí-iompar neamhdhleathach nó mí-eiticiúil i ndáil le gníomhaíochtaí agus caidreamh gnó Sky a tharraingt anuas tríd ár gclár Sky Listens. Is féidir le fostaithe gach ceann de chainéil labhair amach Sky Listens a úsáid, ach is féidir le custaiméirí, soláthraithe, comhpháirtithe gnó nó tríú páirtithe eile cuid díobh a úsáid chun údair imní maidir le Sky a tharraingt anuas. Mínítear sa bheartas seo, leis, cuid de phríomhchúraimí fostaithe ó thaobh an clár a dhéanamh éifeachtach.

- Chun an doicméad seo a **phriontáil** , deaschliceáil ar an leathanach agus roghnaigh 'Print', nó brúigh 'Control' agus 'P' má tá gléas Windows in úsáid agat, nó, ' Command' agus 'P' má tá Mac in úsáid agat agus roghnaigh do phrintéir.

- Chun leathanach a **íoslódáil**, deaschliceáil ar an leathanach agus roghnaigh 'Print', nó brúigh 'Control' agus 'P' má tá gléas Windows in úsáid agat, nó, 'Command' agus 'P' má tá Mac in úsáid agat, agus roghaigh 'Sábháil mar PDF' in ionad do phrintéara.

Clár

1.0 Cuspóir 3

2.0 Infheidhme maidir le 3

3.0 Prionsabail 3

4.0 Labhairt Amach 3

4.1 Cad is ceart a thuairisciú. 4

4.2 Conas Údar Imní a Tharraingt Anuas 5

4.3 Cúraimí Bainisteoirí 6

4.4 Cad a Dhéanann Sky le Tuairiscí 7

4.4.1 7

4.5 Frithbheartaíocht, Rúndacht agus Géarú 8

4.6 Nochtadh Seachtrach & Comhairle 9

5.0 Eisceachtaí ar an mBeartas seo 10

6.0 Na hIarmhairtí ar Shárú an Bheartais seo 10

7.0 Sáruithe nó Údair Imní a Thuairisciú 11

8.0 Athruithe ar an mBeartas seo 11

9.0 Faireachán agus Athbhreithniú ar an mBeartas seo 11

10.0 Point(e)(í) Teagmhála 11

11.0 Úinéir an Bheartais 11

12.0 Aguisíní 11

Aguisín A – Sainmhínithe agus Nótaí Míniúcháin 12

Aguisín B – Naisc Sheachtracha 12

Aguisín C – Teagmhálaithe 13

1.0 Cuspóir

Geallann Sky, lena n-áirítear a ghnólachtaí oibriúcháin agus Fochuideachtaí Rialaithe ar fud an domhain ("**muidne**", "**sinne**", "**ár**" i dteannta a chéile, "**Sky**" nó "**Cuideachta**") an rud ceart a dhéanamh, agus gníomhú le hionracas agus de réir na gcaighdeán eiticiúil is airde, i ngach cuid dár ngnóthaíochtaí agus caidreamh gnó ar fud an domhain agus bímid ag súil leis an rud céanna ónár bhfoireann.

Tacaíonn an beartas seo ("**Beartas**") le **Comcast Corporation Code of Conduct (Cód Iompraíochta Corparáidí Comcast)** agus cuirtear síos ann ar an tslí is féidir údair imní maidir le mí-iompar neamhdhleathach nó mí-eiticiúil i ndáil le gníomhaíochtaí agus caidreamh gnó Sky a tharraingt anuas tríd ár gclár Sky Listens. Mínítear sa bheartas seo, leis, na cúraimí atá ar fhostaithe ó thaobh an clár a dhéanamh éifeachtach.

Tá an Beartas seo ceaptha le tuairisciú a éascú gan eagla roimh dhíoltas, ionas gur féidir lenár gclár an gnó a chur ar an eolas faoi fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann agus leigheas éifeachtach a sholáthar.

Comhlíonann na prionsabail, na riachtanais agus na nósanna imeachta arna gclúdach sa Bheartas seo na dlíthe agus rialacháin is infheidhme maidir le sceithireacht. Orthu seo tá an U.K. Employment Rights Act 1996, an U.K. Public Interest Disclosure Act 1998, HinweisgeberInnenschutzgesetz (HSchG) na hOstaire, Dlí 179/2017 na hIodáile, Foraithne Reachtach 231/2001 agus 24/2023 na hIodáile, Acht na hÉireann um Nochtadh Cosanta 2014 (leasú), Dlí Uimh. 93/2021 na Portaingéile, Acht na Gearmáine um oibleagáidí Dícheall Cuí Corparáidigh i ndlí Slabhra Soláthair (LkSG) agus German Hinweisgeberschutzgesetz (HinSchG) na Gearmáine, Acht um Chosaint do Sceithirí na Seicia (171/2023 Sb.) agus dlíthe agus rialacháin gaolmhara i dtíortha eile ina n-oibrímid, mar a leasaítear ó am go chéile ("**Dlíthe sceithireachta"**) **i dteannta a chéile.**

Is cabhair é comhlíonadh an Bheartais seo chun Sky, Comcast agus ár bhfoireann a chosaint ar sháruithe féideartha de dhlíthe agus rioscaí rialála, airgeadais, nó dea-chlú.

2.0 Infheidhme maidir le

Tá na freagrachtaí sa Bheartas seo infheidhme maidir le gach Fostaí den Chuideachta, cibé buan nó sealaach, cibé áit a bhfuil siad lonnaithe ("**tusa**" nó "**Fostaí"** nó "**foireann Sky**")

3.0 Prionsabail

Geallann Sky ár ngnó a dhéanamh go cóir, le meas agus le honracas. Bímid ag súil ó fhoireann iomlán Sky go gcomhlíonfaidh siad na caighdeáin is airde ó thaobh iompraíocht eiticiúil agus trédhearcacht agus go dtarraingeoidh siad anuas aon údair imní a luaithe is féidir.

Mínítear sa Bheartas seo an tslí is féidir leat údair imní maidir le haon cheann de na saincheisteanna sa roinn "Cad is ceart a Thuairisciú" thíos a tharraingt anuas. Leagtar amach na príomhchúraimí a bheidh le comhlíonadh ag fostaithe agus iad ag tuairisciú, lena n-áirítear saincheisteanna a thugann siad faoi deara a chur ar aghaidh chuig leibhéal níos airde, chomh maith le frithbheartaíocht a chosc. Míníonn an Beartas seo freisin conas an t-ábhar a thabhairt níos faide má chreideann tú gur ghníomhaigh Sky de shárú ar an mbeartas seo agus é ag freagairt d'ábhair imní.

Níl sé mar aidhm ag an mBeartas seo díriú ar phróisis na Cuideachta maidir le láimhseáil údair imní faoi iompar mídhleathanch nó mí-eiticiúil a d'fhéadfaí a chur faoina bráid mar gheall ar dhlíthíocht, imscrúdú rialtais, nó caingean dlí dá samhail a tionscnaíodh i gcoinne na Cuideachta.

4.0 Labhairt Amach

Tá Clár **Sky Listens** cruthaithe ag Sky chun tacú le cultúr ginearálta cumarsáide agus tuairiscithe oscailte. Soláthraíonn sé seo roinnt cainéal chun údar imní a tharraingt anuas agus tugann sé bealaí éagsúla do chách chun d'údar imní a chur in iúl do Sky.

Moltar duit labhairt amach tríd an gcainéal nó an rogha a leagtar amach i alt 4.3 thíos a úsáid. Beag beann ar an modh a roghnaíonn tú, smaoinigh ar d'údar imní a tharraingt anuas ag an gcéim is luaithe is féidir.

Mura n-éilítear é faoin dlí áitiúil, ní cheanglaíonn Sky ort d'aitheantas a nochtadh agus tá Líne Chabhrach agus Tairseach Gréasáin faoi rún againn a chiallaíonn gur féidir leat tuairisc a dhéanamh gan ligean ort cé thú féin. Tá tíortha ann inar féidir lenár foirne Daoine tuairiscí gan ainm a ghlacadh ar an bhfón. Féadfaidh duine ar bith tuairisc a chur isteach ar an Líne Chabhrach nó Tairseach Gréasáin agus tá an nasc seo ar fáil, leis, i gCód Iompraíochta Comcast.

Gheofar na sonraí teagmhála d'fhostaithe i rannóga Sky sa Group Global SharePoint d'Oifig Riosca an Ghrúpa. (Tá an nasc seo d'fhostaithe amháin a bhfuil rochtain acu ar inlíon inmheánach Sky)

4.1 Cad is ceart a thuairisciú.

Is féidir go mbaineann d'údar imní le héagóir a rinneadh, atá ar siúl nó ar dócha a tharlóidh laistigh de Sky, nó atá ag tarlú lasmuigh de Sky ach a d'fhéadfadh a bheith nasctha linn nó tionchar a bheith aige orainn. Is féidir aon údar imní a tharraingt anuas tríd ár Líne Chabhrach nó Tairseach Gréasáin, cibé an mbaineann sé leas as cosaintí dlí do sceithirí nó nach mbaineann (féach 4.6 thíos chun tuilleadh eolais ar seo a fháil).

4.1.1 Saincheist san Áit Oibre: Aon líomhain nó údar imní a bhaineann le taithí **laethúil an fhostaí san áit oibre** ar nós:

(a) caitheamh éagórach,
(b) údair imní faoi leithdháileadh na hoibre,
(c) pearsantachtaí ag teacht salach ar a chéile i gcás comhoibrí nó bainisteora,
(d) coimhlintí sceidealaithe, nó
(e) fabhraíocht.

4.1.2 Saincheist Fostaíochta Cóir: Aon líomhain nó imní faoi iompar mídhleathach nó mí-eiticiúil amhrasta trína ndearbhaítear sárú ar phrionsabail **Caitheamh le Daoine go Cothrom agus le Meas** atá leagtha amach i gCód Iompraíochta Comcast, nó aon bheartas bainteach le Sky, ag Sky, nó ag Fostaí, Soláthraí, Comhpháirtí Gnó nó ionadaí Tríú Páirtí de chuid na Cuideachta, mar shampla:

(a) aon sárú ar dhlí nó rialachán den dlí saothair nó fostaíochta is infheidhme,

b) idirdhealú, agus ciapadh e.g., bunaithe ar chine, inscne, aois, reiligiún, míchumas, bunús náisiúnta nó aon tréith nó stádas atá faoi chosaint an dlí (a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ó thír go tír),

(c) timpeallacht oibre naimhdeach mar atá sainmhínithe i mbeartais fhoireann Sky (e.g., cine, inscne, aois, reiligiún, míchumas, tionscnamh náisiúnta).

4.1.3 Saincheist Ionracais: Aon líomhain nó údar imní maidir le **hiompraíocht neamhdhleathach nó mí-eiticiúil**, a rinne Sky, Fostaí, Soláthraí, Comhpháirtí Gnó nó ionadaí Tríú Páirtí den Chuideachta in aon réimse amhail:

(a) Sárú ar an gCód Iompraíochta.
(b) Cuntasaíocht, rialuithe inmheánacha cuntasaíochta nó cúrsaí iniúchóireachta.
(c) Breabaireacht nó éilliú.
(d) Calaois; speansais taistil agus shiamsaíochta a fhalsú.
(e) líon custaiméirí nó méadrachtaí a fhalsú.
(f) Coimhlintí leasa.

(g) nochtadh faisnéise rúnda dílseánaigh nó gnó.
(h) mí-úsáid nó goid sócmhainní Cuideachta.
(i) díol drugaí mídhleathacha; gníomhartha foréigneacha nó bagairtí ar shábháilteacht phearsanta.
(j) coinníollacha atá ina gcontúirt nó ina nguais d'Fhostaí, do chustaiméir, d'áis nó don phobal i gcoitinne. (lena n-áirítear radaíocht, sábháilteacht núicléach).
(k) Údair imní maidir le cearta daonna, lena n-áirítear sclábhaíocht nua-aimseartha.
(l) Sáruithe ar sholáthar poiblí.
(m) Mí-dhíol táirgí agus seirbhísí airgeadais, nó mí-iompar margaí.
(n) Sciúradh airgid
(o) Imghabháil cánach
(p) Saincheisteanna maidir le sábháilteacht táirgí agus comhlíontacht
(q) Fadhbanna sábháilteachta iompair
(r) Imní faoin tionchar comhshaoil (lena n-áirítear radaíocht, sábháilteacht núicléach)
(s) iompraíocht nó cleachtais neamhshábháilte ag an obair a d'fhéadfadh sláinte nó folláine aon duine a chur i mbaol.
(t) Sábháilteacht bia agus beatha, sláinte agus leas ainmhithe
(u) Sárú ar chearta tomhaltóirí
(v) Príobháideacht agus sonraí pearsanta a chosaint, agus slándáil córas agus líonraí faisnéise.

4.1.4 Frithbheartaíocht: Aon líomhain nó údar imní maidir le **frithbheartaíocht** a thagann chun cinn de dhroim údar imní a tharraingt anuas nó faisnéis a sholáthar don Chuideachta.

4.2 Conas Údar Imní a Tharraingt Anuas

Féadfaidh foireann Sky ceisteanna nó údair imní a tharraingt anuas trí theagmháil a dhéanamh le:
(a) do bhainisteoir,
(b) do Dhaoine, Riosca Grúpa, nó do theagmhálaí Dlíthiúil áitiúil (Eitic & Comhlíonadh san áireamh);
(c) Do Chomhairle Oibreacha áitiúil
(d) líne Chabhrach rúnda Sky Listens nó
(e) Tairseach Gréasáin rúnda Sky Listens

Is féidir le custaiméirí, soláthraithe, comhpháirtithe gnó nó tríú páirtithe eile an Líne Chabhrach Rúnda agus an Tairseach Gréasáin a úsáid freisin má tá imní orthu faoi iompar a d'fhéadfadh a bheith mídhleathach nó mí-eiticiúil maidir lena gcaidreamh linne nó aon ghné eile dár ngnó. Féach Aguisín C le do thoil chun faisnéis a fháil ar theagmhálacha le haghaidh dlínsí áirithe ina bhfeidhmímid.

Cé gur féidir le duine ar bith an Líne Chabhrach agus an Tairseach Gréasáin a úsáid, tá cearta breise ag roinnt Oibrithe (féach Sainmhínithe) nó tríú páirtithe eile nach fostaithe de chuid Sky iad faoi Dhlíthe Sceithireachta áitiúla a fhaigheann siad i gcomhthéacs oibre. agus údair imní áirithe á dtarraingt anuas, Go ginearálta, féachann Sky le déileáil le gach imní nach gearán 'ionad oibre' é go comhsheasmhach agus ar aon dul leis na croíchaighdeáin cláir maidir le cothroime agus rúndacht atá leagtha amach sa doiciméad seo. Féach alt 4.6 den Bheartas seo chun tuilleadh eolais a fháil ar chearta sceithirí.

Gheofar gach **uimhir Líne Chabhrach Rúnda agus an Tairseach Gréasáin** ag www.ComcastSkyListens.com. Tá roghanna ann maidir le 'Déan tuairisc ar an nguthán' agus 'Déan tuairisc ar líne' (lena n-áirítear a bheith in ann é a dhéanamh i do theanga féin).

Is cuid de Chlár Comcast NBCUniversal Listens ginearálta é Clár Sky Listens agus áirítear ann Líne Chabhrach Rúnda agus Tairseach Gréasáin arna riar ag NAVEX Global, Inc. ("**Navex**"), ar tríú páirtí neamhspleách é.

Tá próiseas bunaithe ag Coiste Iniúchóireachta Comcast Corporation trínar féidir le Fostaithe cumarsáid a dhéanamh lena bhaill. Má tá údar imní agat, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig: Audit_Committee_Chair@comcast.com. Láimhseáiltear comhfhreagras a fhaigheann Cathaoirleach an Choist Iniúchóireachta i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá bunaithe ag an gCoiste Iniúchóireachta. Gheofar tuilleadh faisnéise ach cuairt a thabhairt ar an roinn Teagmháil leis an mBord de láithreán gréasáin Comcast Corporation.

Ba cheart d'fhoireann Sky amhras faoi **sciúradh airgid** to a tharraingt anuas le hOifigeach Ainmnithe Sky agus faoi údair imní **cosanta sonraí** leis an Oifigeach Cosanta Sonraí áitiúil. Má ardaíonn tú imní faoi na réimsí seo agus faoi réimsí eile tríd an Líne Chabhrach nó an Tairseach Gréasáin, cuirfimid iad seo ar aghaidh chuig na daoine cuí nó cuirfimid comhairle ar fáil duit.

4.3 Cúraimí Bainisteoirí

Bímid ag súil leis go gcomhoibreoidh gach fostaí, bainisteoirí san áireamh, go hiomlán agus go macánta in imscrúduithe d'aon sórt a sheolann an Chuideachta ionas gur féidir bunús na saincheiste a dhéanamh amach agus díriú air mar is cuí. Is féidir go dteastóidh imscrúdú domhain i gcás údair imní áirithe (lena n-áirítear ó speisialtóir a bhfuil an taithí nó scileanna cuí aici/aige), a bhféadfadh cruinnithe le finnéithe nó daoine eile atá bainteach leis, agus bailiú doiciméad, a bheith i gceist ann. Mar fhostaí nó mar bhainisteoir fostaí atá bainteach le himscrúdu, d'fhéadfaí a iarraidh ort cabhrú leis seo; agus má dhéantar amhlaidh ní mór é a choimeád faoi rún.

Mar threoraithe foirne san eagraíocht, tá cúraimí breise ar bhainisteoirí tacú leis an mBeartas seo agus le cultúr ina gcuirtear ár gCód chun feidhme. Ní mór do bhainisteoirí an sampla ceart a thabhairt agus bheith mar eiseamláirí dá bhfoirne agus do na fostaithe uile. Tá sé ríthábhachtach go gcothófá timpeallacht oscailte tuairiscithe ina spreagtar fostaithe chun ceisteanna a chur, údair imní a tharraingt anuas, agus labhairt amach.

Nuair a fhaigheann bainisteoirí scéala faoi údar imní nó nuair a chuireann duine dá bhfostaithe údar imní in iúl dóibh, ní mór dóibh na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Maidir le **saincheist san ionad oibre** (mar atá sainmhínithe thuas), ní mór duit comhairle a ghlacadh ó d'fhoireann Daoine áitiúil, é a choinneáil faoi rún, gníomh neamhchlaonta láithreach a ghlacadh chun an cheist a thuiscint agus a réiteach, do chur chuige agus an toradh a dhoiciméadú agus é seo a sholáthar do d'fhoireann Daoine áitiúil. Má tá amhras ort faoi conas é seo a dhéanamh, ba chóir duit dul i dteagmháil le d'fhoireann AD áitiúil chun cúnamh a fháil.
- I gcás ceist maidir le **'fostaíocht chóir'** ní mór duit é a thuairisciú láithreach do d'fhoireann Daoine áitiúil; sa RA ba chóir duit dul i dteagmháil le People Advice a chuirfidh Caidreamh Fostaithe ar an eolas. Cuirfidh siad comhairle ort agus breithneoidh siad cé ba cheart an cás a fhiosrú. Níor cheart do bhainisteoirí **riamh** na saincheisteanna seo a imscrúdú iad féin. Má thagann na saincheisteanna seo chun cinn le linn duit a bheith ag réiteach saincheist 'ionad oibre,' ní mór duit é a thuairisciú láithreach.
- I gcás **'ceist ionracais'** (mar atá sainmhínithe thuas) ní mór duit é a thuairisciú láithreach le d'fhoireann áitiúil Daoine; sa RA ba chóir teagmháil a dhéanamh le People Advice a thabharfaidh fógra do Chaidreamh Fostaithe. Cuirfidh siad comhairle ort agus breithneoidh siad cé ba cheart an cás a fhiosrú. Is féidir leat iad seo a thuairisciú freisin do Ghrúp-Shlándáil nó d'fhoireann áitiúil um Chomhlíonadh. Níor cheart do bhainisteoirí **riamh** na saincheisteanna seo a imscrúdú iad féin. Má thagann na saincheisteanna seo chun cinn le linn duit a bheith ag réiteach saincheist 'ionad oibre,' ní mór duit é a thuairisciú láithreach.
- Beag beann ar an údar imní a tarraingíodh anuas, ní ceadmhach do bhainisteoirí a bheith páirteach in aon chineál **frithbheartaíochta** riamh agus ní mór duit é seo a threisiú le haon duine lena ndéileálann tú le linn imscrúdú. Ní mór duit aon fhrithbheart nó líomhain frithbheartaíochta ó dhaoine eile a thuairisciú láithreach mar "saincheist ionracais".

4.4 Cad a Dhéanann Sky le Tuairiscí

4.4.1 Cad a tharlaíonn tar éis dom tuairisc a chomhdú?

Féachann Sky le cinntiú go n-admhaítear tuairiscí labhair amach leis an tuairisceoir laistigh de sheacht (7) lá ón uair a fhaightear iad. Ag brath (mar atá leagtha amach in alt 4.3 thuas) ar an tsaincheist, sanntar cásanna d'imscrúdaitheoir neamhspleách cuí, a chinnfidh an gá imscrúdú agus raon feidhme aon imscrúdaithe. Sa chás go bhfuil tuairiscí cosanta ag Dlíthe Sceithireachta, féachann Sky lena chinntiú gur baill foirne atá freagrach go neamhspleách as tuarascálacha rúnda a mheasúnú agus a láimhseáil de réir Dhlíthe sceithireachta na tíre ábhartha a dhéanann iad a athbhreithniú.

Féadfaidh an t-imscrúdaitheoir/na himscrúdaitheoirí moltaí a dhéanamh freisin, lena n-áirítear torthaí ar iompraíocht daoine aonair, a bhféadfadh atreorú chuig na próisis fhoirmiúla iompraíochta is infheidhme i ngach tír ina n-oibrímid a bheith mar thoradh orthu. Féadfaidh an t-imscrúdaitheoir leasúcháin nó athruithe eile a mholadh chun go mbeimid in ann an riosca a bhaineann le héagóir amach anseo a mhaolú, ar nós feabhsuithe beartais, mar shampla. Bímid i gcónaí ag iarraidh cásanna a imscrúdú agus torthaí a bhaint amach chomh pras agus chomh héifeachtach agus is féidir linn.

Is mór againn ag Sky cumarsáid oscailte agus ba mhaith linn go n-aireoidh tú compordach aon imní a d'fhéadfadh a bheith agat a thabhairt chun cinn agus léiríonn ár bpolasaí Speak Up ár dtiomantas éisteacht le do imní agus aghaidh a thabhairt air go héifeachtach. Má bhíonn tionchar díreach ag saincheist a bhfuil tú ag tuairisciú uirthi go pearsanta – ar nós cásanna mí-iompair atá dírithe ort go pearsanta – b'fhéidir go mbeadh an rogha agat é seo a ardú mar ghearán ag brath ar do bheartais áitiúla. Níl sé riachtanach é seo a dhéanamh, agus ba mhaith linn a chinntiú duit gur cúrsa gníomhaíochta chomh bailí agus éifeachtach é labhairt gan gearán a ardú le haghaidh gach saincheiste agus má dhéantar é sin is féidir linn do chuid imní a láimhseáil go pras agus go héifeachtach agus an rúndacht á choinneáil. Cibé an bhfuil gearán san áireamh i dtuarascáil labhartha nó nach bhfuil, ní imríonn sé tionchar nó athrú ar dhéine agus neamhchlaontacht ár bpróiseas imscrúdaithe; leanaimid an próiseas céanna um aimsiú fíricí chun cothroime agus cuntasacht a chinntiú.

Más fearr leat gearán oifigiúil a dhéanamh, agus más cuí, abair é seo le do thoil agus do thuairisc á déanamh agat. Tríd an rún seo a lua go soiléir, is féidir linn a chinntiú go bhfaighidh tú an tacaíocht riachtanach ar fad a bhaineann le casaoide a dhéanamh. Le treoir bhreise a fháil maidir le casaoidí féach le do thoil le do bheartas casaoide áitiúil (más ann dó agus más ábhartha do do chríoch) ar an inlíon. Mar mhalairt air sin, tá d'fhoireann Daoine áitiúil ar fáil go héasca chun ceisteanna a fhreagairt agus chun tuilleadh cúnaimh a sholáthar.

D'fhéadfadh saincheisteanna a aicmítear mar ábhair imní san ionad oibre a bheith faoi réir nósanna imeachta ar leith freisin le haghaidh imscrúdú agus láimhseáil ag Sky agus de ghnáth déanfaidh an bhainistíocht líne iad a bhainistiú faoi bheartais áitiúla Daoine. Moltar duit d'ábhair imní san ionad oibre a chur in iúl go díreach don bhainistíocht líne nó d'fhoirne Daoine ar an gcéad dul síos, ach d'fhéadfaí leas a bhaint as gach bealach sa bheartas seo chun labhairt amach.

.

4.4.2 An gcuirfear an toradh in iúl dom?

Má tá do chuid faisnéise teagmhála curtha ar fáil agat nó má d'úsáid tú an Líne Chabhrach nó an Tairseach Gréasáin, coinneoimid ar an eolas thú faoi phríomhdhul chun cinn an imscrúdaithe. Cuirfimid aiseolas ar fáil nuair is féidir linn de réir an dlí (lena n-áirítear dlíthe áitiúla a bhaineann le gearáin phearsanta agus aiseolas riachtanach ar thorthaí) agus iomláine an imscrúdaithe á choinneáil. Toisc go bhfuil gá le himscrúdú a chur i gcrích go neamhchlaonta, faoi rún agus ar bhealach ina gcaitear go cothrom lenár bhfostaithe, is minic a chuireann sé cosc orainn sonraí sonracha a thabhairt duit faoin imscrúdú nó faoi aon ghníomh araíonachta a dhéantar mar thoradh air. De ghnáth ní thabharfar sonraí duit faoi ghníomh araíonachta ar leith a dhéantar i gcoinne daoine aonair eile. Nuair is féidir linn aiseolas a sholáthar duit, ba chóir duit caitheamh le haon fhaisnéis faoin imscrúdú mar fhaisnéis rúnda i gcónaí.

Má roghnaigh tú fanacht gan ainm, cuireann an Líne Chabhrach Rúnda agus an Tairseach Gréasáin cainéal díreach ar fáil trínar féidir le Sky cumarsáid a dhéanamh leat agus do dhíth ainm a choinneáil. Mar sin féin, féadann sé seo é a dhéanamh níos deacra aon údar imní a ardaítear a fhiosrú mar go mb'fhéidir nach mbeimid in ann d'ábhair imní a phlé go hiomlán leat nó tuilleadh faisnéise a fháil. Spreagann Sky tú chun tú féin a aithint nuair is féidir leat, ach má roghnaíonn tú gan é sin a dhéanamh, ní dhéanfaimid aon iarracht a fháil amach cé thú féin.

Is éard atá in imscrúdú ná próiseas aimsithe fíricí atá dírithe go príomha ar fháil amach an bhfuil bunús le hábhar imní nó nach bhfuil, bunaithe ar an bhfianaise a aimsímid; agus cibé acu an ionann sin agus sárú ar bheartais Sky. Ní dhéanaimid cinntí ar chaighdeán coiriúil agus reáchtáiltear aon phróisis iompair fhoirmiúla ar leithligh de réir na mbeartas áitiúil. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh gá le cinntí cuí ar nós fionraíochta chun foireann Sky, ár ngnó, agus tríú páirtithe a chosaint (lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dár Soláthraithe agus Comhpháirtithe Gnó). Ní chiallaíonn fionraíocht gur cruthaíodh líomhain nó gur sháraigh duine beartas Sky.

4.4.3 Cén tacaíocht atá ar fáil dom?

Tuigeann Sky go bhféadfadh strus agus corraíl a bheith ag baint le bheith páirteach in imscrúdú ar bhealach ar bith. Geallaimid an tionchar ar dhaoine aonair a íoslaghdú trí imscrúduithe tráthúla, cothroma agus neamhchlaonta a dhéanamh agus féachaimid le tacaíocht chuí a sholáthar do dhaoine aonair tríd an bpróiseas.

Má bhraitheann tú go dteastaíonn tacaíocht uait agus imscrúdú ar bun is féidir leat ceist a chur ar an Imscrúdaitheoir. Féadfaidh siad teagmháil a dhéanamh le AD nó le do bhainisteoir líne a thabharfaidh tacaíocht phearsanta duit mar chuid dá ról. Má theastaíonn tacaíocht uait maidir leis an imscrúdú féin, is féidir leat é seo a phlé leis an Imscrúdaitheoir. Féadfaidh siad tú a atreorú chuig roinn nó chuig duine níos oiriúnaí chun cabhrú leat ach beidh siad in ann comhairle a sholáthar sula ndéanann siad amhlaidh. Ba cheart duit a chinntiú i gcónaí go gcoimeádtar aon ní a bhaineann leis an Imscrúdú faoi rún.

4.5 Frithbheartaíocht, Rúndacht agus Géarú

4.5.1 Frithbheartaíocht

Ní cheadaíonn Sky frithbheartaíocht in aghaidh aon Tuairisceora a tharraingíonn anuas údar imní de mheon macánta nó a ghlacann páirt i láimhseáil nó in imscrúdú údar imní cibé an údar imní iarbhír nó amhrasta atá i gceist (fiú mura mbíonn bunús leis an údar imní ar deireadh). Féachann Sky le frithbheartaíocht a chosc trína bheith soiléir gur sárú ar an mBeartas seo é agus gur dócha gur ceist iompraíochta a bheidh ann má chruthaítear é.

Níor cheart go gcaithfí le duine ar bith ar shlí dhíobhálach toisc gur tharraing siad údar imní anuas. Tá roinnt samplaí curtha ar fáil againn thíos de na cineálacha rudaí a d'fhéadfaí a mheas mar chaitheamh díobhálach. Má tharlaíonn sé seo mar gheall ar údar imní faoi fhostaíocht chóir nó údar imní lonracais faoin mbeartas seo, déileálfar leis mar fhrithbheart. Ní liosta uileghabhálach iad na samplaí. Ní cheadaíonn Sky frithbheartaíocht ar mhodh ar bith, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear trí ghníomhú i gcoinne duine a éascaíonn nó a bhfuil baint aige le Tuairisceoir.

Níl cead agat gabháil d'aon cheann de na hiompraíochtaí seo a leanas i gcoinne duine a tharraing anuas údar imní do Sky, mar thoradh ar a dtuairisc:

a) fionraí, scaoileadh, briseadh as post nó bearta coibhéiseacha.
b) ísliú céime nó ardú céime a choinneáil siar.
c) aistriú dualgas, athrú ar shuíomh na háite oibre, laghdú pá, athrú ar uaireanta oibre.

d) oiliúint a choinneáil siar.
e) measúnú feidhmíochta nó teistiméireacht fostaíochta diúltach.
f) aon bheart araíonachta, iomardú nó pionós eile a fhorchur nó a ghearradh, lena n-áirítear pionós airgeadais.
g) comhéigean, imeaglú, ciapadh, nó dúdhiúltú.
h) idirdhealú, caitheamh mhíbhuntáisteach nó éagórach.
i) mainneachtain conradh fostaíochta sealadach a thiontú ina chonradh buan, i gcás ina raibh ionchais dhlisteanacha ag an oibrí go dtairgfí fostaíocht bhuan dó nó di.
j) mainneachtain conradh fostaíochta sealadach a athnuachan nó é a luathfhoirceannadh.
k) dochar, lena n-áirítear do chlú an duine, go háirithe sna meáin shóisialta, nó caillteanas airgeadais, lena n-áirítear caillteanas gnó agus caillteanas ioncaim.
l) duine a chur ar liosta dubh bunaithe ar chomhaontú neamhfhoirmiúil nó foirmiúil ar fud na hearnála nó ar fud an tionscail, a d'fhéadfadh a bheith de thoradh air nach bhfaigheadh an duine sin fostaíocht san earnáil nó san tionscal amach anseo.
m) luathfhoirceannadh nó cealú conartha le haghaidh earraí nó seirbhísí.
n) cealú ceadúnais nó ceada; nó
o) atreoruithe síciatracha nó leighis.

Má bhraitheann tú gur caitheamh go díobhálach leat nó go ndearnadh íospairt díot, ba cheart duit é seo a tharraingt anuas mar **údar imní nua**. Is féidir leat é seo a dhéanamh ar na slite atá luaite sa Bheartas seo. Ar an tslí chéanna, ba cheart duit údar imní a tharraingt anuas má shíleann tú go bhfuiltear ag caitheamh go díobhálach nó ag idirdhealú in aghaidh duine éigin eile ag éirí as údair imní a tharraing siad anuas roimhe seo. Más fearr leat, is féidir leat é sin a dhéanamh gan ainm tríd an Líne Chabhrach agus an Tairseach.

4.5.2 Rúndacht

Clúdaíonn go leor údair imní cásanna agus imeachtaí ar dócha go mbeidh tionchar acu ar an bpobal i gcoitinne nó a bhfuil gné leas an phobail ag baint leo agus a d'fhéadfaí a mheas mar "Nochtadh Cosanta" de réir an dlí. Déanann dlíthe áitiúla idirdhealú maidir leis an gcaoi a mbunaítear cosaintí do sceithirí atá aitheanta go dlíthiúil, agus is féidir leo seo a bheith difriúil i ngach críoch ina bhfeidhmímid. Uaireanta is féidir nach dtagann saincheist a tharraingíonn tú anuas faoin sainmhíniú dlíthiúil ar 'Sceithireacht' sa chríoch atá i gceist agus d'fhéadfadh nach mbeadh feidhm ag na cosaintí dlíthiúla.

Is é beartas Sky a bheith comhsheasmhach sa tslí a chosnaítear daoine. Féachann Sky le cinntiú go gcosnaítear rúndacht, go háirithe go gcosnaítear aitheantas tuairisceoirí de réir a mianta agus go gcuirtear cosc i gcónaí ar fhrithbheartaíocht de chineál ar bith.

Má roghnaíonn tú tú féin a aithint agus tú ag tuairisciú, nó ag am ar bith ina dhiaidh sin, coinneoimid é seo faoi rún nuair is féidir linn. I gcásanna neamhchoitianta d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé seo indéanta: mar shampla, d'fhéadfadh go n-iarrfadh cúirt orainn d'aitheantas a nochtadh le linn imeachtaí dlíthiúla, nó d'fhéadfadh go mbeimid faoi oibleagáid dhlíthiúil eile – mar shampla, nuair atá imní orainn go bhfuil sábháilteacht phearsanta duine i mbaol. Déanfaimid ár ndícheall chun cibé ar cheart agus conas is ceart dul ar aghaidh i gcásanna den sórt sin a phlé leat.

4.5.3 Géarú

Más mian leat a thuairisciú go bhfuil freagra Sky ar Údar Imní a tharraing thú anuas ag sárú an Bheartais seo, is féidir leat é a ghéarú chuig Curadh Sky Listens Niall MacGinnis (trí mhodh ar bith lena n-áirítear ríomhphost chuig niall.macginnis@sky.uk) nó chuig Coiste Iniúchta Comcast ag cur síos ar na gnéithe den sárú beartais agus na cúiseanna atá agat. Má mheastar go bhfuil sé cuí bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil, déanfaidh duine éigin atá neamhspleách ar an gcéad imscrúdú do ghéarú a fhiosrú. Ní cúis chuí le géarú é easaontú le toradh imscrúdaithe.

4.6 Nochtadh Seachtrach & Comhairle

Bíonn Sky ag súil leis go léireoidh gach rannpháirtí in imscrúdú meas ar rúndacht an imscrúdaithe agus ar shonraí rúnda agus faisnéise Sky. Molaimid duit d'údar imní a tharraingt anuas le Sky roimh theagmháil a dhéanamh le cainéal seachtrach ionas gur féidir linn imscrúdú a dhéanamh agus beart cuí a dhéanamh a luaithe is féidir.

Níl comhairle ar an dlí sa Bheartas seo. Feidhmíonn Sky i raon leathan críocha agus ní hionann cearta sceithirí i ngach ceann acu. Spreagaimid gach duine chun a n-údar imní a chur in iúl dúinn, beag beann ar cibé an bhfuil feidhm ag dlíthe sceithireachta. Má úsáideann tú na bealaí atá leagtha amach sa bheartas seo is féidir linn meas a léiriú ar na rialacha áitiúla atá i bhfeidhm.

Má theastaíonn comhairle agus treoir uait maidir leis na dlíthe i do dhlínse áitiúil, lena n-áirítear cibé an bhfuil údarás áitiúil ann agus sonraí an údaráis sin (mar shampla, san Iodáil, sa Ghearmáin, san Ostair, in Éirinn nó sa Phortaingéil) a bunaíodh chun nochtuithe seachtracha a fháil, is féidir leat teagmháil a dhéanamh freisin leis na heagraíochtaí seachtracha seo a leanas le haghaidh treoir neamhspleách:

UK: Protect (Carthanacht Neamhspleách Sceithireachta):
Web: https://protect-advice.org.uk/ (Public Concern at Work roimhe seo).
Líne chabhrach: +44 (0) 203 117 2520
Ríomhphost: whistle@protect-advice.org.uk

AE: An tSeirbhís Eorpach um Ghníomhaíocht na Saoránach (ECAS), ag https://ecas.org/ agus a "seirbhís Comhairle Eorpaí (YEA)".

An Ostair: is féidir le roinnt údarás tuarascálacha a fháil, mar shampla an Biúró Feidearálach um Fhrith-Éilliú ag https://www.bak.gv.at/en/

An tSeicia: feidhmíonn an Aireacht Dlí agus Cirt líne tuairiscithe ag https://oznamovatel.justice.cz/chci-podat-oznameni/

An Ghearmáin: is féidir le roinnt údarás tuarascálacha a fháil, mar shampla an Oifig Chónaidhme um Cheartas (BfJ)

Éire : Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta ag https://www.opdc.ie/

An Iodáil: ANAC - Údar Nazionale Anticorruzione ag https://www.anticorruzione.it/

An Phortaingéil: Meicníocht Náisiúnta Frith-éillithe (MENAC)

Domhanda: Líonra Idirnáisiúnta na Sceithirí ag https://whistleblowingnetwork.org, ina dtugtar le chéile eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta neamhbhrabúis chun sceithirí a chosaint. Aibhsítear i Roinn na mBall eagraíochtaí áitiúla a d'fhéadfadh a bheith in ann cabhrú.

Más mian leat tuairisc a chur faoi bhráid rialtóir nó údaráis phoiblí ábhartha, ba chóir duit a chinntiú go bhfuil sé seo ag teacht leis an reachtaíocht áitiúil. Iarrtar ort a thabhairt faoi deara go mb'fhéidir nach mbeidh tú faoi chosaint mar Sceithire má nochtann tú faisnéis rúnda lasmuigh de bhealaí atá ceadaithe de réir dlí.

5.0 Eisceachtaí ar an mBeartas seo

Ní cheadaítear eisceachtaí ar an mBeartas seo d'fhostaithe mar gheall ar dhéine na n-iarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh an Bheartais seo do Sky agus duit féin

6.0 Na hIarmhairtí ar Shárú an Bheartais seo

Is féidir go leanfaidh gníomh araíonachta suas go foirceannadh fostaíochta agus é sin san áireamh as mainneachtain an Beartas seo a chomhlíonadh (gan eisceacht ceadaithe, más cuí).

7.0 Sáruithe nó Údair Imní a Thuairisciú

Táimid ag súil go ndéanfaidh tú aon sáruithe amhrasta nó sáruithe iarbhír ar an mBeartas seo a thuairisciú trí úsáid a bhaint as aon cheann de na bealaí tuairiscithe atá ar fáil. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo mar shampla nuair is eol duit go bhfuil comhghleacaí ag tarraingt údar imní anuas nach de mheon macánta é.

Ní chuireann aon ní sa Bheartas seo ná in aon bheartas Sky eile srian ar do chumas cumarsáid a dhéanamh le haon údarás inniúil, comhlacht rialaitheach iomchuí, oifigeach rialtais nó gníomhaireacht nó coimisiún, lena n-áirítear an U.S. Securities and Exchange Commission (Coimisiún um Urrúis agus Malartú SAM), an Financial Conduct Authority (an tÚdarás Iompair Airgeadais) nó a chomhionann áitiúil maidir le sáruithe dlí féideartha gan iad a nochtadh do Sky, mar a chosnaítear faoi na Dlíthe Idirnáisiúnta Sceithireachta.

8.0 Athruithe ar an mBeartas seo

Cinntíonn Sky go bhfuil a chuid beartas cothrom le dáta agus ceart do gach duine ag Sky. Féadfar an Beartas seo athrú ó am go chéile le fógra nó gan fógra.

Foilseofar an leagan is déanaí den Bheartas seo ar do inlíon áitiúil, agus is ortsa atá an fhreagracht mar fhostaí na ceanglais, nósanna imeachta agus ábhair eile atá leagtha amach sa leagan is déanaí den Bheartas seo a léamh agus a bheith suas chun dáta leo i gcónaí.

9.0 Faireachán agus Athbhreithniú ar an mBeartas seo

Tá Úinéir an Bheartais freagrach as athbhreithniú agus cothabháil a dhéanamh ar an mBeartas seo ó am go ham agus as a chinntiú go ndéantar rialuithe agus nósanna imeachta rialachais agus maoirseachta cuí a dhearadh, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu le húinéirí gnó áitiúla, go gcuirtear oiliúint ar fáil, agus as tuairisciú bainistíochta mar is cuí chun na rioscaí a chumhdaítear leis an mBeartas seo a mhaolú.

10.0 Point(e)(í) Teagmhála

Má tá ceist agat faoin mBeartas seo, déan teagmháil le do bhainisteoir líne, le hÚinéir an Bheartais, nó le do ghnáth-theagmhálaí Dlí nó Comhlíontachta.

11.0 Úinéir an Bheartais

Úinéir Beartais: **Oifig Riosca Sky Group**

Curadh **Labhair Amach Sky:** Niall MacGinnis – Stiúrthóir an Ghrúpa as Slándáil.

12.0 Aguisíní

Aguisín A – Sainmhínithe agus Nótaí Míniúcháin

Tábla 1 – Téarmaí Sainmhínithe	
Téarma Sainmhínithe	**Míniú**
Comhpháirt(í)(ithe) Gnó	Maidir le sainmhíniú ar Sholáthraí, ciallaíonn sé aon eintiteas *eile* a bhfuil comhpháirtíocht ghnó aige le Sky.
Ciallaíonn Fochuideachta(í) Rialaithe	fochuideachtaí agus cuideachtaí cleamhnaithe Sky nuair is faoi úinéireacht Sky, go díreach nó indíreach, atá os cionn 50% den rialú vótála.
Ciallaíonn Soláthraí(ithe)	aon ghnólacht nó duine aonair a sholáthraíonn táirgí, foirne, nó seirbhísí dúinn, lena n-áirítear a phearsanra, fochonraitheoirí agus gníomhairí.

Tábla 2 – Nótaí Míniúcháin	
Téarma	**Míniú**
clúdaíonn tríú páirt(í)(ithe)	aon duine nó eagraíocht a mbíonn tú i dteagmháil leo le linn do chuid oibre do Sky, lena n-áirítear cliaint iarbhír agus ionchasacha, custaiméirí, Comhpháirtithe Gnó, Soláthraithe, teagmhálaithe gnó, gníomhairí agus comhairleoirí.

Aguisín B – Naisc Sheachtracha

Mionsonraítear acmhainní gaolmhara ar an taobh deas. D'fhéadfadh go mbeadh srianta beartais nó treoirlínte breise ar aonaid ghnó áitiúla Sky a cheanglófaí ort a léamh agus a chomhlíonadh freisin. **Féach inlíonta do bheartais ghnó áitiúil le haghaidh tuilleadh eolais**. Gheobhaidh tú sonraí thíos maidir le hacmhainní seachtracha a d'fhéadfadh a bheith úsáideach duit.

Comcast

Comcast Corporation Code of Conduct (Cód Iompraíochta Comcast Corporation)
Comcast Corporation Code of Conduct for Suppliers and Business Partners (Cód Iompraíochta Comcast Corporation do Sholáthraithe agus Comhpháirtithe Gnó)

Sky Group

www.ComcastSkyListens.com
Beartas Labhair Amach Sky

Aguisín C – Teagmhálaithe

Tír	Teagmháil	Seoladh
An Ostair	SkyListensDACH@skygroup.com	Rivergate, Handelskai 92, 1200 Wien, An Ostair
An tSeicia	SkyListensCzechia@skygroup.com	Zita Pivkova Oifigí #3.09, #3.12, #3.13, #3.22, #3.24 Rustonka Rohanské nábř 693/10 Praha 8, 186 00 An tSeicia
an Ghearmáin	SkyListensDACH@skygroup.com	Medienallee 26, 85774 Unterföhring, An Ghearmáin
Éire	SkyListensIreland@skygroup.com	Plaza Burlington, 1 Bóthar Burlington, Baile Átha Cliath, D04 RH96, Éire
an Iodáil	SkyListensItaly@skygroup.com	Via Monte Penice, 7, 20138 Milano, An Iodáil
An Phortaingéil	SkyListensPortugal@skygroup.com	R. de Entrecampos 28, 1700-158 Lisboa, An Phortaingéil
RA	SkyListensUK@skygroup.com	Grant Way, Isleworth, TW7 5QD, An Ríocht Aontaithe
An Eilvéis	SkyListensDACH@skygroup.com	Stockerhof, Dreikönigstrasse 31a CH-8002 Zurich, An Eilvéis